AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

E4

Mionnscríbhinn an leachtaitheora ag deimhniú an chuntais. Ráiteas cuntais an leachtaitheora

Alt 681(2) Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir na Cuideachta

Barcode & Stampa Dáta faighte CRO

Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin

Ainm na cuideachta
ina iomláine

Ainm an Leachtaitheora

Seoladh an Leachtaitheora

Ráiteas an Leachtaitheora
nóta a haon

Tagraím don ráiteas cuntais thíos agus deirim go bhfuil na sonraí atá ann mar gheall ar imeachtaí leachtaithe agus seasamh leachtaithe na cuideachta sin fíor agus ceart de réir mar is eol dom agus mar a chreidim.

Tá cuntas fíor agus iomlán sa ráiteas cuntais sin (agus sa chuntas trádála atá i gceangal leis, más ann) ar an airgead go léir a fuarthas agus na híocaíochtaí a rinne mé maidir le foirceannadh na cuideachta sin, lena n-áirítear

nóta a dó

ón Lá Mí Bliain go Lá Mí Bliain

nóta a trí

☐ agus ní bhfuair mise ná níor íoc mise, ná ní bhfuair ná níor íoc aon duine eile de réir m'ordaithe nó do m'úsáid, le linn na tréimhse sin, aon airgead don chuideachta sin nó thar ceann na cuideachta sin ach amháin mar a nochtar sa ráiteas sin.

nóta a trí

☐ agus ní bhfuair mise ná níor íoc mise, ná nó bhfuair ná níor íoc aon duine eile de réir m'ordaithe nó do m'úsáid, airgead ar bith don chuideachta sin nó thar ceann na cuideachta sin.

Agus déanaim an dearbhú sollúnta seo go coinsiasach ag creidiúint go bhfuil sé fíor agus de thairbhe Acht na nDearbhuithe Reachtúla 1938

nóta a ceathair

_____ An lá seo de _____

Síniú an Leachtaitheoir

nóta a ceathair

_____ An lá seo de _____

Síniú an Leachtaitheoir

Sonraí an tSeachadóra

nóta a chuig

Ainm		
Seoladh		
Uimhir DX		Malartán DX
Uimhir teileafóin		Uimhir faics
Ríomhphost		Uimhir thagartha

Dearbhú
(leanaithe)

Arna dhearbhú i m'fhianaise *i mbloclitreacha nó i gclóscríbhinn*

☐ Coimisinéir Mionnaí ☐ Feidhmeannach Síochána ☐ Nótaire Poiblí

☐ Duine arna údarú nó arna húdarú le _____ chun dearbhuithe reachtúla a thógáil agus a ghlacadh
cuir isteach an fhoráil reachtúil údarúcháin

AG *ainm i mbloclitreacha nó i gclóscríbhinn*

☐ **a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi**

nó

☐ **a chur**

a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi, in aithne dom

nó

ar suíodh a chéannacht nó a céannacht dom roimh an Dearbhú seo a thógáil, trí na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird dom:

☐ Pas uimhir
arna eisiúint
ag údaráis
is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann

nó ☐ Cárta aitheantais náisiúnta uimhir
arna eisiúint
ag údaráis
ar Ballstát de chuid AE, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach i gComhaontú LEE é

nó ☐ Pas Eachtrannach uimhir.
(doiciméad atá comhionann le pas)
arna eisiúint
ag údaráis
is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann

Nóta: **NOCHTADH NA FAISNÉISE AITHEANTAIS A SHOLÁTHAIR CHUN CRÍOCA AN DHEARBHÚ REACHTÚIL A COMHLANÚ, TIOCFAIDH É MAIDIR LE SIN, TAIFEAD POIBLÍ AR AN IARRATAS SIN A FHÁIL. ALT 891 ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014**

nó ☐ Doiciméad taistil dídeanaí uimhir
arna eisiúint
ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

nó ☐ Doiciméad taistil
arna eisiúint
(seachas doiciméad taistil dídeanaí)
ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Ag

An _____ lá seo de _____ 20 _____

Síniú an fhinné

Chúid A

Nádúr Imeachtaí

nóta a trí

☐ Foirceannadh Toilteanach Comhalta ☐ Foirceannadh Toilteanach Creidiúnaithe ☐ Foirceannadh Toilteanach na Cúirte

An dáta a tosaíodh an foirceannadh — Lá ☐☐ Mí ☐☐ Bliain ☐☐☐☐

An dáta dar tugadh anuas an ráiteas deireanach (más ann) — Lá ☐☐ Mí ☐☐ Bliain ☐☐☐☐

An dáta dá dtabharfar anuas an ráiteas seo — Lá ☐☐ Mí ☐☐ Bliain ☐☐☐☐

Ráiteas cuntais ginearálta

nóta a sé

nóta a seacht

Réadú fir

Dáta	Cé uaidh	Nádúr na sócmhainní réadaithe	Méid
		Tugtha ar aghaidh ón ráiteas deireanach	€
		Iompraithe ar Aghaidh	

Eisíocaíochtaí

nóta a sé

Dáta	Cé dó a íocadh	Nádúr sócmhainní a caitheadh	Méid
		Tugtha ar aghaidh ón ráiteas deireanach	€
		Iompraithe ar aghaidh	

Anailís ar iarmhéid

nóta a hocht agus nóta a naoi

	€
Réaduithe Iomlána	
Eisíocaíochtaí Iomlána	
Iarmhéid	

Tá an t-iarmhéid comhdhéanta mar seo a leanas:-

	€
1. Airgead ar láimh ag an Leachtaitheoir	
2. Iomlán na n-íocaíochtaí isteach sa bhanc lena n-áirítear an t-iarmhéid ar an dáta a tosaíodh an foirceannadh (de réir na mbileog bainc)	
Iomlán na n-aistarraingtí ón mbanc	
Iarmhéid sa bhanc:	

nóta a deich

3. Méideanna infheistithe ag an Leachtaitheoir	
Lúide an méid a réadaíodh uathu sin	
Iarmhéid	
Iarmhéid iomlán mar a thaispeántar thuas	

TABHAIR FAOI DEARA: Ba cheart don Leachtaitheoir a shonrú freisin:-

(1) Méid na sócmhainní agus na ndliteanas measta an dáta a tosaíodh an foirceannadh.	Sócmhainní (tar éis na méideanna a ghearrtar ar chreidiúnaithe urraithe agus sealbhóirí bintiúr a asbhaint).	
	Dliteanais	
	Creidiúnaithe urraithe	
	Sealbhóirí bintiúr	
	Creidiúnaithe neamhurraithe	
(2) Méid an chaipitil íoctha an dáta a tosaíodh an foirceannadh	Íoctha in airgead	
	Eisíthe mar cheann a íocadh ar shlí seachas ar airgead	
(3) Cur síos ginearálta ar na sócmhainní gan íoc (más ann) agus a luach measta.		
(4) Na cúiseanna leis an moill ar an bhfoirceannadh a chur i gcrích.		
(5) An tréimhse ar laistigh di ar dócha go gcuirfear an foirceannadh i gcrích.		

Cuntas trádála

nóta a haon

Is mise, _____

Leachtaitheoir _____

_____

Ón Lá Mí Bliain Go Lá Mí Bliain

Admhálacha

Dáta		€	
	Iomlán		

Íocaíochtaí

Dáta		€	
	Iomlán		

Nochtadh Alt 650 Acht na gCuideachtaí 2014

nóta a trí

☐ Ar dháta an tuairisceáin seo, **ní duine** é nó í aon stiúrthóir ná aon oifigeach eile ná aon chomhalta den chuideachta, cibé anois nó san am atá caite, a ndearnadh dearbhú ina leith faoi aon fhoráil d'Acht na gCuideachtaí go mbeadh sé nó sí faoi dhliteanas pearsanta i leith fhiacha uile na cuideachta nó aon chuid díobh nó a mheastar a bheith faoi réir ordú dícháiliúcháin faoi Chuid 14 d'Acht na gCuideachtaí 2014 nó faoi réir dearbhú srianta faoi Chaibidil 3 de Chuid 14 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

☐ Tá sonraí tugtha agam thíos maidir le **stiúrthóir nó oifigeach eile nó aon chomhalta den chuideachta ar duine** é nó í, cibé anois nó san am atá caite, a ndearnadh dearbhú ina leith faoi aon fhoráil d'Acht na gCuideachtaí go mbeadh sé nó sí faoi dhliteanas pearsanta i leith fhiacha uile na cuideachta nó aon chuid díobh nó a mheastar a bheith faoi réir ordú dícháiliúcháin faoi Chuid 14 d'Acht na gCuideachtaí 2014 nó faoi réir dearbhú srianta faoi Chaibidil 3 de Chuid 14 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Sonraí an duine nó na ndaoine dá dtagraítear:

nóta a haon déag

AINM	*SEOLADH*	*ALT DEN ACHT*

NÓTAÍ AR FHOIRM E4 A CHOMHLÁNÚ
Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha

Ginearálta Caithfear an fhoirm seo a chomhlánú go ceart, go hiomlán agus de réir na nótaí seo a leanas. Caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú. Má mheastar nach leor an spás a chuirtear ar fáil ar Fhoirm E4, ba chóir an t-eolas a chur i láthair ar bhileog bhreise san fhormáid chéanna leis an alt ábhartha san fhoirm. Caithfear a chur in iúl san alt ábhartha go bhfuil bileog breise in úsáid agus caithfear sin a nótáil sa bhileog bhreise chomh maith.

nóta a haon Ba chóir an Cuntas Trádála a chomhlánú nuair a sheolann an Leachtaitheoir gnó agus ba chóir é a chur ar aghaidh mar chuntas ar leith.

nóta a dó I gcás foirceannadh toilteanach, déantar an Fhoirm E4 tosaigh a chomhlánú chun an chéad tréimhse dhá mhí dhéag den leachtú a chlúdach. I bhFoirmeacha E4 ina dhiaidh sin, clúdaítear tréimhsí sé mhí nó aon tréimhse níos giorra go dtí an dáta ar a gcuirfear an foirceannadh i gcrích. Ag brath ar an treoir ón gcúirt, is ionann dáta deiridh leachtaithe cúirte agus dáta an chruinnithe creidiúnaithe deiridh, dáta an ordaithe cúirte deiridh d'fhonn an chuideachta a dhíscaoileadh, nó, má tá sé sonraithe san ordú, dáta an Deimhnithe Scrúdaitheora deiridh

nóta a trí Cuir tic leis an mbosca/na boscaí ábhartha.

nóta a ceathair Ní mór go mbeadh an fhoirm seo deimhnithe ag leachtaitheoir na cuideachta nó ag gach leachtaitheoir má tá níos mó ná duine amháin ceaptha. Is ionann an fhoirm seo agus dearbhú neamh-mhionnaithe um chomhlíonadh na gceanglas dlíthiúil go léir a bhaineann le cuntas leachtaitheora faoi alt 681 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Is cion coiriúil é de bhun alt 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014 do dhuine doiciméad a sheachadadh ar an CRO, go feasach nó go meargánta, atá bréagach i bponc ábhartha.

nóta a cúig Caithfidh an duine atá ag tabhairt Foirm E4 don CRO an t-alt seo a chomhlánú. Is féidir gurb é an t-iarratasóir a dhéanann é seo nó duine atá ag feidhmiú ar a s(h)on.

nóta a sé Ba chóir gan aon iarmhéid a thaispeáint ar an gcuntas seo ach na réaduithe agus na heisíocaíochtaí iomlána amháin, ar chóir iad a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad chuntas eile. Is ionann na figiúirí sin freisin agus na méideanna a úsáidtear ar an leathanach um Anailís Iarmhéid.

nóta a seacht Ba chóir na hiomláin fáltais agus íocaíochtaí ar an gcuntas trádála, agus iadsan amháin, a leagan amach sa ráiteas ginearálta cuntais.

Ba chóir go mbeadh mionchuntas sa Ráiteas ar réaduithe agus eisíocaíochtaí go léir an Leachtaitheora i leith na Cuideachta. Ba chóir go gcuimseofaí sa ráiteas ar réaduithe taifead ar gach fáltas arna dhíorthú ó shócmhainní atá ann cheana féin ar dháta an ordaithe foirceanta nó ar dháta an réadaithe arna réadú ina dhiaidh sin, lena n-áirítear an t-iarmhéid sa bhanc, fiacha leabhar agus glaonna bailithe, maoin a díoladh srl., agus ba chóir go gcuimseofaí sa chuntas ar eisíocaíochtaí gach íocaíocht i leith costas agus táillí nó le creidiúnaithe nó ranníocóirí. Más rud é go mbíonn maoin réadaithe, ba cheart na fáltais chomhlána díola a iontráil faoi réaduithe, agus ba chóir na híocaíochtaí atá riachtanach agus atá teagmhasach do na díolacháin a chur isteach mar eisíocaíochtaí. Níor chóir go n-áireofaí sna cuntais sin íocaíochtaí arna ndéanamh ag an Leachtaitheoir isteach i mbanc nó amach as, ná infheistíochtaí sealadacha dá chuid ná na fáltais ó infheistíochtaí den sórt sin arna réadú, ar chóir iad a thaispeáint ar leithligh i ráiteas mionsonraithe ar leithligh um airgead a d'infheistigh an Leachtaitheoir agus um infheistíochtaí arna réadú. Ba chóir, áfach, ús arna cheadú nó arna ghearradh ag an mbanc, muirir bhainc agus coimisiúin bhainc, agus brabús nó caillteanas ar an réadú nó ar infheistíochtaí sealadacha, a chur isteach i gcuntais ar réaduithe nó eisíocaíochtaí, de réir mar a bheidh. Ba chóir gach fáltas agus íocaíocht a chur isteach sa chuntas i cibé slí is imleor chun míniú a thabhairt ar a chineál nó a cineál. Ba chóir na fáltais agus na híocaíochtaí a shuimiú go leithleach ag bun gach leathanaigh agus na hiomláin a thabhairt ar aghaidh ó chuntas amháin go ceann eile gan aon iarmhéid idirmheánach, ionas go mbeidh na hiomláin chomhlána mar an gcéanna leis na méideanna iomlána a fuair agus a d'íoc an Leachtaitheoir faoi seach.

Nuair a íoctar díbhinní nó tráthchodanna d'imshocraíochtaí le creidiúnaithe, nó nuair a thugtar sócmhainní barrachais ar ais do ranníocóirí, ba chóir méid iomlán gach díbhinne, nó gach tráthchoda d'imshocraíocht nó aisíocaíocht le ranníocóirí a íocadh iarbhír, a thaifeadadh sa ráiteas eisíocaíochtaí mar aon suim amháin; agus ba chóir don Leachtaitheoir cuntais ar

leithligh a sheachadadh ina dtaispeánfar i liostaí méideanna an éilimh ó gach creidiúnaí, agus méid na díbhinne nó na himshocraíochta is iníoctha le gach creidiúnaí, agus méid na sócmhainní barrachais is iníoctha le gach ranníocóir, agus idirdhealú á dhéanamh i ngach liosta idir na díbhinní nó tráthchodanna d'imshocraíochtaí agus sciartha de shócmhainní barrachais a íocadh iarbhír agus iad siúd a fágadh gan éileamh. Ba chóir do gach liosta a bheith ar bhileoga 13 orlach faoi 8 n-orlach.

Nuair a dhéantar díbhinní neamhéilithe, thráthchodanna d'imshocraíochtaí nó aisíocaíochtaí sócmhainní barrachais a íoc isteach i gCuntas Leachtaithe na Cuideachta, ba chóir an méid iomlán a íocadh amhlaidh a iontráil sa ráiteas eisíocaíochtaí mar aon suim amháin.

Níor chóir creidmheas a léiriú sa ráiteas eisíocaíochtaí le haghaidh aon mhéid i leith luach saothair an Leachtaitheora mura mbeidh sé ceadaithe go cuí le rún de chuid an choiste iniúchta nó na gcreidiúnaithe nó na Cuideachta i gcruinniú ginearálta nó le hordú Cúirte mar a bheidh de dhíth sa chás

nóta a hocht Is iad na figiúirí i leith Réaduithe Iomlána agus Eisíocaíochtaí Iomlána na figiúirí tugtha ar aghaidh ar an Ráiteas Ginearálta Cuntais.

nóta a naoi Ba chóir sonraí iomlána na stoc a ceannaíodh le haghaidh infheistíochta agus an réadaithe ina leith a thabhairt i ráiteas ar leithligh.

nóta a deich Ní fhágann infheistíocht nó taisce airgid ag an Leachtaitheoir nach bhfuil feidhm ag Alt 623 d'Acht na gCuideachtaí 2014 ina leith.

nóta a haon déag Áirigh sonraí aon duine nó aon daoine dá dtagraítear faoin gceanglas um nochtadh atá i gcuid 650 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Faisnéis bhreise

Seoladh CRO Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.
Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag:

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí,
Bóthar Uí Bhriain
Ceatharlach
R93 E920

Íocaíocht Má bhíonn tú ag íoc le seic, le hordú poist nó le dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le do thoil. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a theacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.

TÁ TUILLEADH FAISNÉISE FAOI FHOIRM E4 A CHOMHLÁNÚ, LENA N-ÁIRÍTEAR AN TÁILLE FORORDAITHE, AR FÁIL Ó WWW.CRO.IE NÓ TRÍ RÍOMHPHOST Ó INFO@CRO.IE